

## Éire, Corcaigh & Ciarraí

### Stair agus Maoiniú

Bunaíodh an clárlann i 1997 chun sonraí ar bhreitheanna a bhailíú ón 1 Eanáir 1996, agus deonaíodh ballraíocht ceadaithe de EUROCAT air i 1998. Sa bhfoireann tá Altra Taighde páirtaimseartha chomh maith le Speisialtóir páirtaimseartha i Leigheas Sláinte Poiblí, tacaíocht riarrachán agus tacaíocht ó Bhainisteoir Faisnéisíochta Sláinte sa Rannóg Sláinte Poiblí FnaSS An Deiscirt (Corcaigh & Ciarraí). Cuireann an Roinn Sláinte maoiniú ar fáil don chlár trí Fheidhmeannacht na Seirbhise Sláinte.

### Daonra agus Raon Clúdaigh

Clúdaíonn an Chlárlann contaetha Chorcaí agus Ciarraí in Iardheisceart na hÉireann (bunaithe ar an daonra, gach máthair a chónaíonn i gceantar geografach). Tugann thart ar 1% de mháithreacha cónaitheacha breith lasmuigh de limistéar na clárlainne. Idir 2010 agus 2019 bhí éagsúlacht idir 9 agus 10,000 breithe ar líon iomlán na mbreitheanna gach bliain. Is é meánlín na mbreitheanna gach bliain thar na 10 mbliana is déanaí ná 9,255 breith in aghaidh na bliana.

### Foinsí Cinntithe

Tá an clár bunaithe ar aimsiú cásanna gníomhach. Áirítear le sonraí don chlárlann, taifid ospidéil ó rannóga cnáimhseachais agus naónán nuabheirthe, litreacha othar seachtrach cairdeolaíochta péidiatraiceach agus ortaipéidic, Sonraí Fiosrúchán Othar Cónaitheach an Ospidéil (HIPE), fógraí breithe, teastais marbh-bhreithe, sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) ar bhásanna i leanaí suas go dtí aois 2 bhliain agus scrúduithe iarbháis. Is foinsí stáiriúla de shonraí deimhnithe iad an tsaotharlann náisiúnta cítiginiteach agus an Láirionad Náisiúnta um Chairdeolaíocht Phéidiatraiceach agus an bunachar mháinliacht chairdiach.

### Aois Uasta a fuarthas Diagnóis

Aithnítear ~ nócha faoin gcéad de na cásanna cláraithe a diagnóisíodh roimh an gcéad lá breithe, aithnítear ~28% sa tréimhse réamhbhreithe<sup>i</sup>. Lorgaíonn an chlárlann sonraí scaoileadh ón ospidéil (HIPE) suas go 7 mbliana d'aois. I gcás roinnt galair neamhchoitianta m.sh. Siondróm Marfan nó Siondróm Ehlers-Danlos a dhíagnóisítear níos déanaí ná seo, tagann eolas chuig an gclárlann i ngnáthfhoinsí sonraí m.sh. Cairdeolaíocht phéidiatraiceach nó litreacha ortaipéideacha othar seachtrach agus cláraítear iad.

### Foirceannadh Toircheas mar gheall ar Aimhrialtacht Fhéatais

Roimh an 1 Eanáir 2019 bhí gach ginmhilleadh mídhleathach in Éirinn. Mar sin féin, tá an rogha ag mná na hÉireann taistéal lasmuigh d'Éirinn chun deireadh a chur le toircheas. I gcás ina bhfuil faisnéis ar fáil don chlár faoi

chásanna den sórt sin a leanann diagnóis réamhbhreithe d'aimhrialtacht ó bhroinn, cuirtear san áireamh iad.

Tháinig an tAcht Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil) 2018 i bhfeidhm in Éirinn an 1 Eanáir 2019 agus forálann sé do thoircheas a fhoirceannadh i gcásanna aimhrialtacht mharfach féatais agus/nó riochtaí a chiorraíonn saol duine a diagnóisíodh le linn toirchis.

### **Sainmhíniú ar Mharbh-bhreith agus Básanna Luatha Féatais**

Cláraítear leanaí a rugadh gan aon chomharthaí saoil agus a bhfuil aois iompair  $\geq 24$  seachtaíne nó meáchan  $\geq 500\text{g}$  acu. Ní chláraítear básanna luatha féatais / ginmhilleadh spontáineach go náisiúnta in Éirinn ach taifeadann an chlárlann cásanna aimhrialtacht ó bhroinn ó  $>20$  seachtaíne. In Éirinn in 2019, rinneadh scrúdú iarbháis tar éis 52.1% de mharbh-bhreitheanna ( $n=126$  as 242) agus 43.1% de bhásanna nuabheirthe go luath ( $n=50$  as 116, anaithnid do dhá chás)<sup>ii</sup>. –Má tá diagnóis réamhbhreithe déanta roimh an bhreith, d'fhéadfaí nach ndéanfaí scrúdú iarbháis.

### **Infhaighteacht Sonraí Nochta**

Bailítear eolas ar shlí bheatha na dtuismitheoirí, cógais mháthar, úsáid drugaí, caitheamh tobac agus úsáid alcóil, breoiteacht mháthar roimh agus le linn toirchis, tinneas ainsealach atharthachta agus toradh toirchis roimhe seo.

### **Ainmneoirí agus Rialuithe Faisnéise**

Tá sonraí ainmneora ar fáil ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO).

Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh staitisticí imbhreithe náisiúnta anois maidir le gach breith ar bhonn bliantúil agus soláthraíonn sí rátaí do Phoblacht na hÉireann atá miondealithe de réir contae.

### **Tagairtí Tuairisc na Clárlainne**

Cliceáil anseo chun teacht ar fhoilseacháin Chlárlann Aimhrialtachta ó Bhroinn Chorcaí & Chiarraí ar Lenus

<https://www.hse.ie/congenitalanomalyregistersireland>

### **Eitic & Toiliú**

Teastaíonn faomhadh ó choiste eitice a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna leighis, paraimhíochaine, dlí, tuata agus acadúla agus déantar athbhreithniú air mar a léirítear. Cheadaigh Coiste Eitice Taighde Cliniciúil Ospidéil Oiliúna Chorcaí an Chlárlann le haghaidh taighde. Bheadh faomhadh breise ag teastáil le haghaidh aon staidéar a éilíonn sonraí inaitheanta othar nó chun foinsí sonraí a chumasc. Go dtí seo níl aon staidéir den chineál sin déanta.

Ní éilíonn reachtaíocht náisiúnta toiliú feasach a fháil chun leanbh a bhfuil aimhrialtacht ó bhroinn á chlárú. Níl aon phleananna ann ceanglas maidir le toiliú feasach a thabhairt isteach – de réir an chleachtais fadbhunaithe maidir le clárlainne daonra-bhunaithe fadaimseartha. Tá gá le próiseáil ar mhaithe le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí. Ní roinntear aon fhaisnéis phearsanta lasmuigh de FnASS. Is beag an riosca do dhuine ar leith.

### **Seoladh le haghaidh Breis Faisnéise**

Dr. Mary O'Mahony, Speisialtóir i Leigheas Sláinte Poiblí, An Rannóg Sláinte Poiblí, FnASS An Deiscirt (Corcaigh & Ciarraí), Urlár 2, Bloc 8, Ospidéal N. Fionnbarra, Bóthar Dhúglais, Corcaigh, Éire.

Teil: + 353 21 4927601-4

Faics : + 353 21 4923257

R-phost: [maryt.omahony@hse.ie](mailto:maryt.omahony@hse.ie)

---

<sup>i</sup>Health Service Executive (HSE) South (Cork & Kerry), Department of Public Health Congenital Anomalies Cork & Kerry Newsletter; Vol 10 (1), 2021 <https://www.lenus.ie/handle/10147/631819>

<http://www.hse.ie/congenitalanomalyregistersireland>

<sup>ii</sup> Perinatal Mortality in Ireland Biannual Report: National Perinatal Epidemiology Centre, 2018/2019.

[https://www.ucc.ie/en/media/research/nationalperinatalepidemiologycentre/annualreports/NPECPerinatalMortalityinIrelandannualreport2018\\_2019contentinteractive.pdf](https://www.ucc.ie/en/media/research/nationalperinatalepidemiologycentre/annualreports/NPECPerinatalMortalityinIrelandannualreport2018_2019contentinteractive.pdf)